

## Polasaí faoi Shlándaíl Sonraí

Tá dualgas ar an tSCP eolas a choinneáil 'slán agus sábháilte' agus bearta cuí a bheith i bhfeidhm chun cosc a chur le rochtain ar shonraí, iad a athrú, a thabhairt amach nó a scrios nó go gcaillfí nó go scriosfaí iad trí thimpiste, de réir an RGCS. Tá sé fíor-riachtanach mar sin go mbíonn bearta agus beartais slándála i bhfeidhm lena chinntiú nach féidir ach le baill foirne a bhfuil gá ó thaobh gnó de acu a theacht ar shonraí pearsanta agus íogair ar leith.

Leagann Beartas Slándála na SCP cé gur féidir leo a theacht ar shonraí pearsanta de chineálacha áirithe sa tSCP chun déileáil le sonraí pearsanta agus chun a chinntiú go bhfuil sonraí pearsanta (comhaid láimhe agus ar chórais TEC) slán. Tá nósanna imeachta ann fosta maidir le sonraí a aistriú chuig páirtithe eile.

Déanann ball foirne a ainmníonn an tOifigeach um Chosaint Sonraí iniúchadh ar chur i bhfeidhm an Pholasaí seo agus is féidir go ndéanfaí iniúchadh inmheánach air fosta agus go gcuirfí tuairisc chuig an Choiste Iniúchta am a bith.

### Rochtain

Is féidir le baill foirne sna hAonaid Earcaíochta agus Roghnaithe a theacht ar shonraí pearsanta maidir le hiarrthóirí do chomórtais agus do bhaill a d'fhéadfadh a bheith ar bhoird. Ní féidir na sonraí seo a úsáid ach maidir le comórtas earcaíochta a chur chun cinn agus ní féidir é a ligean amach taobh amuigh den eagraíocht, nó do dhuine ar bith taobh istigh den eagraíocht nach bhfuil baint aige/aici leis an chomórtas earcaíochta sin ar leith, gan cead a fháil ó bhainisteoir sinsearach.

Is féidir le baill foirne in aonaid tacaíochta a theacht ar eolas pearsanta de bhaill foirne (AD agus Aonad Airgeadais), iarrthóirí (TE), baill de bhoird/measúnóirí/feitheoirí (TE, Aonad airgeadais agus Tacaíocht Earcaíochta) agus soláthraithe (Tacaíocht Earcaíochta agus Aonad Airgeadais). Ní féidir na sonraí seo a úsáid ach do na cúiseanna ar bailíodh iad (ar fáil san fhógra ábhartha faoi phríobháideacht) agus ní féidir é a ligean amach taobh amuigh den eagraíocht, nó do dhuine ar bith taobh istigh den eagraíocht nach bhfuil cúis dhlisteanach aige/aici na sonraí sin a bheith aige/aici, gan cead a fháil ó bhainisteoir sinsearach. Ní mór do gach ball foirne in AD/AFC Ráiteas Rúndachta a shíniú.



## Nós Imeachta maidir le Sonraí Pearsanta a Láimhseáil (Comhaid Láimhe agus ar chórais TE)

Tá sé tábhachtach nach n-úsáidfidh gach sonra pearsanta sa tSCP ach do na cúiseanna a bhfuarthas é agus go gcoinnítear é faoi rún.

### ***Tá na bearta slándála TE seo i bhfeidhm fosta agus ní mór do na bearta cloí leis na nithe seo a leanas:***

- (i) Ní mór cloí leis an Pholasáí um Shlándáil Eolais i gcónaí. Cuireann TE na SCP polasaí i bhfeidhm a dteastaíonn pasfhocal casta uaidh le teacht ar an ghréasán corparáideach. Chuir an tSCP polasaí a stiúrtar go lárnach i bhfeidhm chun go gcaithfidh baill foirne a bpassfhocail gréasáin a athrú go rialta. Níl cead faisnéis aitheanta an duine a roinnt le duine eile. Ní mór do bhaill foirne a ríomhaire a chur faoi ghlas no logáil amach nuair a fhágann siad a ríomhaire gan aire - tá gach ríomhaire socraithe chun go gcuirfear iad faoi ghlas tar éis 5 nóiméad. Ba chóir ríomhphoist a scrúdú sula gcuirtear iad amach lena chinntiú go seoltar iad chuig an duine ceart.
- (ii) Ní mór d'iarrthóirí a chinntiú nach dtaispeántar eolas pearsanta nó rúnda ar scáileáin ríomhairí in áiteanna poiblí na hoifige.
- (iii) Connítear gach sonra pearsanta agus íogair a choinnítear go leictreonach i stór lárnach. Ní féidir ach le baill foirne sna haonaid TE a theacht ar an Ionad TE agus Sonraí araon (coinnítear cruaearraí agus bogearraí a bhfuil sonraí pearsanta i stór air), (svaidhpchárta riachtanach le rochtain TE); déanann an t-ardbhainistíocht athbhreithniú go rialta ar rochtain ar thaifid agus ar nósanna imeachta)
- (iv) Cuireann comhlachtaí speisialtacha Ríomhairí Pearsanta ó mhaith go slán; scriostar na tiomántáin chrua.
- (v) Déantar athbhreithniú go rialta ar chead maidir le tiomántán agus cuirtear srian i bhfeidhm más cuí (e.g. athrófar cead do dhaoine a d'athraigh ó aonad amháin go haonad eile) (tá dualgas ar Bhainisteoirí Líne an t-aonad TE a chur ar an eolas faoi aon athrú foirne agus iarratas a dhéanamh faoi chead isteach).
- (vi) Ní cheadaítear rochtain ó chian ach trí chriptiú slán a úsáideann fíordheimhniú ina bhfuil dhá thoisc (*féach san alt thíos*).
- (vii) Tá bogearra frithvíreas agus frithspaireachta ar gach ríomhaire pearsanta agus ar ríomhairí glúine.



- (viii) Tá ballaí dóiteáin corparáideacha i bhfeidhm chun nach féidir a theacht ar ghréasán na hoifige gan chead.
- (ix) Cuirtear gach ríomhaire agus freastalaí in oiriúint go rialta in aghaidh na laigí is déanaí.
- (x) Tógtar ar shiúl cead isteach ar chórais nach bhfuil gníomhach níos mó agus a bhfuil eolas pearsanta iontu sa chás nach bhfuil an cead isteach sin riachtanach níos mó nó nach bhfuil cúis mhaith leis.
- (xi) Baintear baill foirne a théann ar scor, a éiríonn as nó a aistríonn ón tSCP láithreach ó liostaí poist agus ó liostaí daoine ar tugadh cead rochtana dóibh. Tarlóidh athruithe ábhartha fosta nuair a aistrítear baill foirne chuig dualgais eile go himmheánach.
- (xii) Ní féidir sonraí pearsanta agus íogair a choinnítear ar iarratais agus ar bhunachar sonraí a bhfuil smachta ábhartha slándála agus rochtana i bhfeidhm dóibh (m.sh. STAR) a chóipeáil ar bhogearra táirgthe pearsanta (ar nós feidhmeanna próiseála word, scarbhileoga, srl) má dhéantar cóip de in eolaire a bhfuil cead isteach chuige acu siúd amháin atá ag obair ar chomórtas áirithe; déanfar iniúchadh air seo agus is féidir go dtarlódh gníomh faoin Chód Cleachtais dá sárófaí é;
- (xiii) Tá sé beartaithe ag an Oifig gan páipéar a bheith á úsáid ag boird agus is féidir le boird roghnaithe táibléidí a úsáid anois. Ciallaíonn sin go gcuirfeadh feidhmeanna i stór go sealadach ar ShareFile mar ullmhúchán do chruinniú boird. Ní mór na táibléidí a chur i dtaisce go slán sa tSCP agus nuair a thugtar iad amach do bhaill de bhoird, ní mór don aonad i gceist a chinntiú nach bhfaigheann ach an té a raibh sé beartaithe go bhfaigheadh sé/sí an táibléad é. Ní mór don aonad a chinntiú go dtugtar gach táibléad ar ais don tSCP tar éis an chruinnithe áirithe agus gur logáil an ball de bhord amach; ní mór dátaí scoir do shonraí boird a shocrú ar ShareFile;
- (xiv) Seachas mar atá leagtha amach in (xiii) thuas, níl cead sonraí pearsanta a chóipeáil ar ghaireas stórála iniompartha ar nós ríomhairí glúine, méaróg chuimhne srl., a d'fhéadfaí a ghoid nó a chailleadh; tá na coinníollacha seo i gceist fosta maidir le gaireas stórála iniompartha;
  - a. Níl cead sonraí pearsanta, príobháideacha nó rúnda a stóráil ar ghaireas iniompartha riamh. I dtaca le ríomhairí glúine de, ní mór criptiú iomlán diosca a dhéanamh is cuma cén cineál sonraí atá i dtaisce; moltar do bhaill foirne a bheith cúramach agus iad ag úsáid gréasáin Wi-Fi. Níor chóir aon eolas corparáideach rúnda nó íogair a fháil nó a chur ar aghaidh trí ghréasán Wi-Fi nach bhfuil slán.
  - b. cuirtear pasfhocail i bhfeidhm ar teileafóin chliste agus ar ghaireas soghluaiste agus ba chóir go mbeadh na pasfhocail láidir agus slán mar a shonraítear sa Pholasaí Slándáil Eolais;



- c. Nuair atá gaireas ríomhaire iniompartha á n-úsáid in áiteanna poiblí, ní mór a bheith cúramach nach dtugtar amach eolas trí thimpiste e.g. trí dhaoine gan cead acu a bheith ag féachaint nó ag éisteacht;
- d. Tugtar cead ar leith do dhuine ar leith gaireas a úsáid agus tá an duine sin freagrach as súil a choinneáil ar an ghaireas;
- e. Ní mór ríomhairí glúine a chur faoi ghlas san oifig thar oíche; nuair atá an gaireas amuigh as an oifig ní mór é a choinneáil slán i gcónaí;
- f. níor chóir gaireas iniompartha a fhágáil i feithicil gan súil a choinneáil air;
- g. Déantar scrúdú AV agus cuirtear paistí (ní mór seo a chomhlíonadh láithreach) ar gach ríomhaire glúine agus déantar criptiú iomlán diosca orthu ar fad; tá rialú lárnach ar gach gaireas USB agus tá srianta i gceist maidir le gaireas UCB a úsáid; ní úsáidtear USBs ach i dtaca le heolas neamh-rúnda agus neamh-phearsanta, e.g. cur i láthair poiblí).

## **Rochtain ó Chian**

Nuair atá na sonraí seo á bhfáil ó chian, ní mór é a dhéanamh trí nasc criptithe slán.

Ní mór do bhaill foirne cloí leis an Chód seo agus iad ag teacht ar shonraí ó chian. Má tá sé i gceist sonraí pearsanta a íoslódáil ar do ghléas, ní mór duit an doiciméad críochnaithe a shábháil ar an ghréasán agus aon eolas atá i stór ar do ghléas a scríos nuair chríochnaíonn tú do chuid oibre. Níor chóir duit ach gléas (ríomhaire PC glúine, teileafón póca nó PDA) atá cumraithe i gceart de réir chaighdeán na SCP a úsáid (e.g. bogearra frithvíreas agus bogearra frithspiaireachta, criptiú iomlán srl) nuair atá tú ag teacht ar shonraí pearsanta nó íogair a choinnítear go lárnach. Ní mór gach teicneolaíocht/gréasán gan sreang a úsáidtear nuair a táthar ag teacht ar chórais na SCP a chriptiú ar an chaighdeán is láidre agus is féidir.

Tá na treoracha céanna i bhfeidhm do Bhaill de Bhoird na SCP nó do chomhairligh tacaíochta TE (más ann agus má thugtar an cead cúí) nuair a táthar ag teacht ar chórais ó chian.

## **Rochtain Chuí agus Monatóireacht ar Chonair Iniúchta**

Chun teacht ar rochtain mhíchuí (inmheánach nó seachtrach), cur le sonraí, sonraí scríos nó a chur in eagar), úsáidfear conairí iniúchta mar chuid de STAR.

***Ní mór na bearta seo a chomhlíonadh maidir le taifid láimhe/comhaid pháipéir***



- ◇ Ní mór iarraidh ar bhaill foirne “Ráiteas Rúndachta” a shíniú agus ní mór do Ionadaí de chuid na SCP labhairt leo faoi riachtanas maidir le rúndacht ag gach staid den phróiseas. Ní mór iarraidh ar mheasúnóirí/feitheoirí “Ráiteas Rúndachta” a shíniú agus eolas a fháil ón aonad earcaíochta cuí faoin riachtanas do rúndacht.
- ◇ Ní mór a bheith cúramach lena chinntiú nach bhfuil cead ag iarrthóirí agus ag baill de bhoird roghnaithe féachaint ar shonraí pearsanta de chuid iarrthóirí eile/boird eile (ainmneacha iarrthóirí eile san áireamh) dá bhrí sin ba chóir a bheith cúramach le fillteáin na mbord lena chinntiú nach féidir teacht orthu agus ba chóir a bheith cúramach nuair atá iarrthóirí á seiceáil isteach sa dóigh nach féidir leo féachaint ar eolas faoi iarrthóirí eile (bí cinnte nach bhfaigheann siad ach cóip dá bhfoirm iarratais féin).
- ◇ Ní mór gach páipéar a thógáil amach ó sheomra an bhoird nuair atá an bord críochnaithe agus ní mór an seomra a chur faoi ghlas má fhágtar páipéir gan súil a choinneáil orthu am ar bith).
- ◇ Ní mór gach eochair seomra a thabhairt don deasc fáiltithe agus ba chóir an príos ina gcoinnítear na heochracha a bheith faoi ghlas ag gach staid nuair nach bhfuil an deasc faoi fhaire (e.g. thar oíche) agus ba chóir an eochair don phríos sin a bheith i stór in ionad slán.
- ◇ Ní mór a bheith cúramach nach féidir le hiarrthóirí atá ag síniú isteach in ionaid tástála féachaint ar shonraí pearsanta iarrthóirí eile (ainmneacha san áireamh).
- ◇ Ba chóir eolas pearsanta atá le scrios (e.g. cóipeanna d’fhoirmeacha iarratais tar éis gearrliostú/agallaimh) a chur sna hAraidí do Bhruscar Rúnda) amháin. Ní scriosfar é ach go hinmheánach nó i gcás conraitheora a d’aontaigh ina c(h)onradh le nósanna imeachta cosanta sonraí na hoifige agus a chinntiú go gcosnaítear rúndacht na sonraí pearsanta ar fad.
- ◇ Nuair atá eolas pearsanta á fhótachóipeáil (e.g.) foirmeacha iarratais, ba chóir a bheith cúramach a chinntiú go dtógtar gach cóip amach as an seomra fótachóipeála.
- ◇ Ní mór eolas pearsanta agus íogair a chur faoi ghlas nuair nach bhfuil sé in úsáid nó ag deireadh an lae (e.g. foirmeacha iarratais, oird fiúntais, tuairiscí rúnda srl).
- ◇ Níl cead ach ag daoine a bhfuil cúis oibre leis a theacht ar thaifid pháipéir agus ar chomhaid ina bhfuil sonraí pearsanta (coinnítear comhaid i stór ar shiúl ón oifig nuair nach bhfuil siad in úsáid, cuirtear comhaid atá in úsáid i stór sa rannóg a mbaineann siad leis). Cuirtear iarratais do chomhaid atá ar shiúl ón oifig chuig an Aonad Tacaíochta Gnó agus tógtar ainm an té a dtugtar an comhad dó/di.
- ◇ Coinneoidh maoirseoirí súil ar rochtain ar chomhaid ina bhfuil sonraí pearsanta ar bhonn leanúnach agus is féidir iniúchadh a dhéanamh air am ar bith.

***Ní mór cloí leis na nósanna imeachta seo maidir le heolas pearsanta a chur taobh amuigh den tSCP:***



- ◇ Níor chóir eolas pearsanta a chur chuig páirtithe seachtracha eile mura bhfuil sé iomlán riachtanach agus go gcomhlíonann sé na Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí, ní mór duit dul i gcomhairle le bainisteoir sinsearach sula gcuireann tú ábhar pearsanta ar bith taobh amuigh den tSCP.
- ◇ Níor chóir eolas pearsanta a chur trí ríomhphost gan criptiú agus ba chóir custaiméirí a chur ar an eolas nár chóir dóibh eolas pearsanta a chur trí ríomhphost; cuireann an séanadh ag bun ríomhphoist na hoifige custaiméirí ar an eolas faoi seo\*.
- ◇ Níor chóir riamh facs a úsáid chun doiciméid ina bhfuil sonraí pearsanta iontu a chur ar aghaidh.
- ◇ Ba chóir duit a chinntiú go soláthrófar na sonraí chuig an duine a bhfuil sé le seoladh chuige/chuici nó chuig duine atá ag gníomhú ar a son agus go gcuirtear na doiciméid ar fad ar ais agus nuair nach dteastaíonn siad níos mó go scriostar iad le bruscar rúnda.
- ◇ Ba chóir post inmheánach a sheoladh chuig an duine ar seoladh chuige/chuici é nó chuig a mbainisteoir má tá siad as láthair.
- ◇ Má fhaightear iarratas ar theacht ar shonraí pearsanta ó eagraíocht eile, ní mór duit dul i gcomhairle le bainisteoir sinsearach a shocróidh ar chóir na sonraí a thabhairt amach agus an nglacfaí leis faoi théarmaí RGCS. Rachaidh an Bainisteoir Sinsearach i gcomhairle leis an Oifigeach Cosanta Sonraí más gá.
- ◇ Beidh nósanna imeachta fíor-dhiana i gceist do chonraitheoirí, comhairligh agus soláthraithe seirbhíse seachtracha (soláthraithe trialacha agus measúnaithe ar líne san áireamh) atá faoi chonradh leis an tSCP maidir le teacht ar shonraí pearsanta trí chonradh foirmiúil de réir fhorálacha na 'Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí'. Déantar athbhreithniú agus iniúchadh ar théarmaí an chonartha agus ar na geallúintí a thugtar.

Níor chóir sonraí a thabhairt ach i gcás go bhfuil sé iomlán riachtanach, agus ba chóir an cainéal is sábháilte a úsáid chun é sin a dhéanamh. Le sin a dhéanamh, ba chóir don tSCP cloí leis na treoirlínte seo:

- ◇ Ba chóir sonraí a aistriú más féidir, ar chainéil shábháilte ar líne agus na sonraí a bheith criptithe;
- ◇ Níor chóir sonraí a aistriú de lámh ag úsáid méain fhisiceacha (e.g. méaróga cuimhne, CDnna, téipeanna srl); má shocraíonn bainisteoir sinsearach é sin a cheadú, ba chóir na sonraí a chriptiú leis an mhodh criptithe is láidre atá ar fáil. Ba chóir pasfhocail/frásaí pas láidre a úsáid chun sonraí a chriptiú/a dhíchriptiú; ba chóir do bhall foirne meáin chriptithe dá leithéid a thionlacan agus a thabhairt go díreach don duine a bhfuil sé le tabhairt dó/di agus ba chóir don duine a fhaigheann é síneadh dó. Ba chóir a bheith cúramach go gcuirtear an pasfhocal go slán chuig an duine ar chóir é a fháil agus nach dtugtar é do dhuine ar bith eile;



má chuirtear na sonraí trí phost cláraithe/le teachtaire ba chóir go dtuigfeadh an seoltóir agus an faighteoir go soiléir faoin riosca atá i gceist maidir le sonraí pearsanta agus íogair a chur leis an teicneolaíocht seo.

- ◇ Má tá aistriú sonraí le tríú páirtí riachtanach (chuig/ó Ranna/Oifigí eile Rialtais agus le soláthraithe trialacha ar líne san áireamh), ba chóir comhaontú scríofa a chur le chéile sula n-aistrítear sonraí ar bith. Ba chóir do chomhaontú mar sin na nithe seo a dheimhniú más gá:

-

- (i) go dteastaíonn an t-eolas ón tríú páirtí (ba chóir na cúiseanna gur féidir an t-eolas a úsáid a shainmhíniú má tá an faighteoir ag próiseáil ar son na SCP);
- (ii) teagmhálaithe ainmnithe i ngach eagraíocht atá freagrach as na sonraí;
- (iii) cé chomh minic atá sé beartaithe sonraí a aistriú;
- (iv) míniú faoin riachtanas don eolas/sonraí a aistriú;
- (v) an tslí aistrithe a úsáidfear (e.g. Secure FTP, Secure mail etc);
- (vi) an modh criptithe a úsáidfear;
- (vii) conas a admhaítear go bhfuarthas na sonraí;
- (viii) an tréimhse ama a choinneoidh an tríú páirtí an t-eolas;
- (ix) go gcinntíonn an tríú páirtí go n-úsáidfear na sonraí leis na srianta céanna a úsáideann an tSCP i dtaca leis an eolas;
- (x) a dheimhniú cathain a thógfaidh an tríú páirtí freagracht as na sonraí a chosaint (e.g. nuair a dheimhnítear go bhfuarthas sna sonraí);
- (xi) conas a scriosfar go sonraí a aistrítear go slán agus an tréimhse ama dó sin;
- (xii) conas a léireofar sárú den phróiseas aistrithe;
- (xiii) maidir le haistrithe ó rialaitheoir sonraí go rialaitheoir sonraí (seachas aistriú ó rialaitheoir sonraí chuig próiseálaí sonraí), ní mór go mbeadh sé soiléir nach n-aistrítear ach sonraí atá riachtanach don chuspóir;
- (xiv) ní mór a shoiléiriú leis an Oifigeach um Chosaint Sonraí roimh ré go aistrithe dá leithéid dleathach, go bhfuil cúis mhaith leo agus nach n-aistrítear ach sonraí atá riachtanach do na cuspóirí;
- (xv) ba chóir díriú go háirithe ar shonraí a chuirtear ar fáil do phróiseáil de chuid tríú páirtí atá faoi chonradh do chúiseanna tástála. Níor chóir sonraí beo a úsáid do na cuspóirí seo.

Iarrtar ar bhaill foirne, baill de bhoird, measúnóirí agus feitheoirí gan labhairt faoi eolas rúnda go poiblí nó an tSCP nó aon sonraí a bhaineann leis an tSCP a lua agus iad ag úsáid na meáin shóisialta.

